# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

## LÉANN CLASAICEACH– ARDLEIBHÉAL
**(300 marc)**

DÉ LUAIN, 24 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.
- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:
  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.
- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.
- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) 'Sa gheimhreadh céanna nuair a bhí a nós bliantúil á leanúint acu, thug na hAithnigh sochraid phoiblí dóibh siúd ba thúisce a fuair bás sa chogadh.'
(Túicídidéas*, Stair Chogadh na Peilipinéise*)
(a) Tabhair cuntas ar an óráid shochraide a thug Peiricléas ar an ócáid sin. (40)
(b) An dtabharfadh na focail a labhair Peiricléas le gaolta na marbh aon sólás dóibh, dar leat? Bíodh tagairt agat dá óráid mar thacaíocht le do fhreagra. (10)

(ii) In 421 R. Ch. d'aontaigh na Spartaigh agus na hAithnigh ar Shíocháin Nicias.
(a) Cén fáth a ndearna an dá thaobh síocháin ag an am sin? (40)
(b) Cén fáth, dar le Túicídidéas, nach raibh Síocháin Nicias riamh 'i bhfeidhm mar ba cheart'? (10)

(iii) Díreach sular sheol an tSluaíocht chun na Sicile amach rinneadh scrios ar roinnt mhaith de na Hermae san Aithin.
(a) Mínigh cad ab ea na Hermae. (10)
(b) Cén fáth a raibh na hAithnigh chomh suaite sin mar gheall ar scriosadh na Hermae? (10)
(c) Mínigh cén chaoi a ndeachaigh an eipeasóid sin i bhfeidhm ar chúrsa an chogaidh ina dhiaidh sin. (30)

(iv) Cuireann Túicídidéas pictiúr an-dorcha de nádúr an duine os ár gcomhair ina *Stair Chogadh na Peilipinéise.*
An dtagann tú leis an ráiteas sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

## Topaic 2. Alastar Mór.

(i) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar chloígh Alastar agus a arm na Peirsigh ag Abhainn an Granicus. (30)
(b) Céard a d'fhoghlaim tú faoi cháilíochtaí ceannaireachta Alastair ón tréimhse roimh an gcath, ón gcath féin agus ónar tharla ina dhiaidh? (20)

(ii) (a) Cén fáth a ndeachaigh arm Alastair chun ceannairce ag Abhainn Hyphasis? (25)
(b) Cén chaoi ar fhreagair Alastar don cheannairc sin? (10)
(c) Céard a thaispeáin an eachtra sin faoi chaidreamh Alastair lena chuid fear? (15)

(iii) (a) De réir na dtéacsanna dualgais, cé na comharthaí agus na tuartha a bhí ann go raibh an bás ag druidim le hAlastar? (20)
(b) Déan cur síos ar a thinneas deireanach agus ar bhás Alastair. (30)

(iv) Bhí tionchar mór ag na laochra finscéalacha, Earcail agus Aichill, ar ghníomhartha Alastair.
Cén fhianaise a fhaightear sna téacsanna dualgais le tacú leis an dearcadh sin? (50)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) "Mar má bheartaíonn gach duine againn goid nó gortú a dhéanamh ar a chéile ar mhaithe lenár leas pearsanta féin, ansin is léir go scriosfaimid an rud sin atá níos nádúrtha go mór ná rud ar bith eile ar an domhan seo: an nasc a aontaíonn gach duine daonna le chéile."
(Cicearó, *Conas na Cinntí cearta a dhéanamh)*

(a) Cé na hargóintí a dhéanann Cicearó chun tacú leis an ráiteas sin? (30)

(b) Tugann Cicearó samplaí dúinn de bheirt fhear, duine amháin ag díol arbhair le muintir Ródas agus an duine eile ag díol a thí gan a lochtanna a nochtadh. An dtagann tú le dearcadh Chicearó ar na fir sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) Pléigh an ráiteas go dtaispeánann Catallus ina chuid dhánta, gur cara maith, deartháir dílis agus leannán paiseanta é. Bíodh tagairt agat do dhánta ar do chúrsa mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar *Beathaí* le Plútarc, cad iad na tosca ba thábhachtaí, dar leat, i mbaint amach na cumhachta sa Róimh le linn ré na Poblachta deireanaí? Bíodh tagairt agat d'eachtraí faoi leith mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar na tosca as ar tháinig bunú na Chéad Triúrachta de Chaesar, Poimpéas agus Crassas in 60 R.Ch. (30)

(b) Mínigh an chaoi ar thit an Chéad Triúracht as a chéile. (20)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac Marcas Antaine in imeachtaí ó 44 R.Ch. (bás Iúil Caesar) go dtí 31 R.Ch. (Cath Aictiam). (50)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar éirí amach Buadaca, banríon na n-Iceni, in aghaidh na Rómhánach in 61 AD. (40)

(b) Cén fáth ar theip ar an éirí amach, dar leat? (10)

(iii) Cé gur mhinic a mbítí ag magadh faoi mar amadán agus mar dhuine gan mhaith, chruthaigh Cláidias go mba rialtóir maith, cumasach ar an Róimh é.
An dtagann tú leis an ráiteas sin? Bíodh tagairt agat do na téacsanna dualgais i do fhreagra. (50)

(iv) I gcás na dtéacsanna dualgais le Tacatas agus le Séatóinis, cé acu ceann is fearr leat? Bíodh tagairt agat do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Is carachtar barrúil é Diniséas ach tá tasc dáiríre le cur i gcrích aige. Pléigh an dearcadh seo ar Dhinséas sa dráma *Froganna* le hAristophanes. (50)

(ii) Sa dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas cad iad na cáilíochtaí atá ag Proiméitéas a thuilleann gradam dó mar laoch mór tragóideach? Bíodh tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, taispeánann Méidé cumas neamhghnách chun daoine a ionramháil.
- (a) Mínigh cén chaoi a ndéanann Méidé na carachtair eile sa dráma a ionramháil. (35)
- (b) Cad iad na bealaí ina gcuireann pearsantacht Iasóin lena threascairt? (15)

(iv)
- (a) Déan anailís ar an ról a ghlac Oracal Dheilfe sa phlota in *Éideapús Rí,* dráma le Sofaicléas. (40)
- (b) Cén dearcadh atá ag Iocasta ar oracail agus ar thairngreachtaí? (10)

---

## Topaic 6. An Epic Ársa.

(i)
- (a) Déan cur síos ar charachtar Phéinealaipé mar a léirítear é san *Odaisé* le Hóiméar, go dtí go mbuaileann sí le hOdaiséas arís i leabhar 23. (35)
- (b) Céard a fhoghlaimímid faoin gcaidreamh idir Odaiséas agus Peinealaipé ar an ócáid ar bhuail siad le chéile athuair? (15)

(ii) San *Aeinéid,* ceiliúrann Veirgil mórgacht na Róimhe. Cén chaoi a dtarraingíonn Veirgil aird a chuid léitheoirí ar mhórgacht agus ar chinniúint na Róimhe san *Aeinéid*? (50)

(iii) Tá Nausicaa ar cheann de na carachtair is tarraingtí san *Odaisé* le Hóiméar.
- (a) Déan cur síos ar charachtar agus ar ról Nausicaa san *Odaisé.* (35)
- (b) Cé na cúiseanna nach bhfanann Odaiséas in éineacht le muintir Phaeacia? (15)

(iv) Déan comparáid idir charachtar Chúchulainn in *An Táin* agus charachtar Aeinéas san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) (a) Sa sliocht *An Domhan Thíos* le Veirgil, cén chaoi a gcruthaíonn sé atmaisféar na gruaime agus an uafáis? (35)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais eile le Veirgil, mínigh an chaoi ar file é a léiríonn an sonas agus an ghile chomh maith. (15)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta le Proipeirtias ar do chúrsa, déan anailís ar an gcineál caidrimh a bhí aige le Sointia. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar shábháil Horatius agus a bheirt chompánach an Róimh dar le Livias in *Horatius ar an Droichead.* (30)

(b) Cén aidhm a bhí ag Livias agus an scéal sin á insint aige? (10)

(c) An aontaíonn tú gur scéalaí maith é Livias? Minigh do fhreagra. (10)

(iv) (a) Pléigh na hábhair ba mhó spéise ag Óivid sna dánta dualgais ar do chúrsa. (30)

(b) Cé acu ceann de na dánta le hÓivid is mó a thaitin leat? Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú an dán áirithe sin. (20)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léirítear vása i **bhFótagraf A** ar **Pháipéar X**

(a) Cén cineál vása é sin? (5)
(b) Cén fheidhm a bhíodh le vásaí dá leithéidí? (5)
(c) Cén t-ionad potaireachta as ar tháinig an vása seo? (10)
(d) Déan trácht ar mhaisiú an vása sin. (30)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** plean den theampall Héafaestas.
Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** theampall Héafaestas féin (a dtugtar an "Theseum" air freisin).

(a) Cá háit go díreach a bhfuil an teampall seo suite? (5)
(b) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach ina bhfuil an teampall seo tógtha? (5)
(c) Ainmnigh na hábhair a úsáideadh nuair a tógadh é. (10)
(d) Scríobh cur síos ar an teampall agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (30)

(iii) Déán staidéar ar **Fhótagraf D** ar **Pháipéar X.**

(a) Ainmnigh an cineál deilbhe a léirítear ann. (5)
(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh sin? (5)
(c) Cé na gnéithe den dealbh seo a fhágann ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse í? (30)
(d) Céard atá i gceist ag Richter, dar leat, nuair a deir sí 'go dtaispeánann an dealbh seo meascán den scoth de stíliú agus de nádúrachas'? (10)

(iv) Féach ar an dealbh a léirítear i **bhFótagraf E** ar **Pháipéar X.**

(a) Ainmnigh an fhíor ina seasamh agus an naíonán ina bhaclainn. (10)
(b) Ainmnigh dealbhóir na deilbhe. (5)
(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)
(d) Cé na gnéithe den dealbh sin atá inn n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo? (30)

---

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Ina chlár oideachais le haghaidh páistí, cad iad na scéalta a mheasann Platón a bheith oiriúnach agus cad iad na scéalta a gcoscann sé? (15)

(b) Cén chaoi a gcosnaíonn Platón a chuid roghanna agus a chuid diúltúchán? (25)

(c) An dtagann tú le tuairimí Phlatóin ar scéalta? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Conas a mholann Platón go roghnófaí na Fealsúna Ríthe dá Stát Idéalach sa todhchaí? (25)

(b) Déan cur síos ar stíl mhaireachtála na bhFealsúna Ríthe seo. (25)

(iii) In *An Phoblacht* le Platón, labhraíonn Sócraitéas ar an ngá le "miotas taibhseach".

(a) Tabhair breac-chuntas ar an "miotas taibhseach" seo. (25)

(b) Dar le Sócraitéas, cén fáth a bhfuil gá leis an miotas seo? (10)

(c) An dóigh leat go bhfuil cúis mhaith ag Sócraitéas dallamullóg a chur ar na saoránaigh trí úsáid a bhaint as an miotas sin? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) (a) I *Litir VII,* cén chaoi a míníonn agus a gcosnaíonn Platón a fhilleadh ar Shioracús? (40)

(b) Céard a insíonn filleadh Phlatóin ar Sioracús dúinn faoina charachtar? (10)

---

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** plean de Aosta (Augusta Praetoria).

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag ***a, d, e, ff*** agus ***gg***. (15)

(b) Cén fáth ar bhunaigh Ágastas baile mór Aosta in 25 R.Ch.? (10)

(c) Déan trácht ar shuíomh an amfaitéatair in Aosta. (10)

(d) Céard is féidir leat a insint faoi shaol na saoránach in Aosta, agus an plean in úsáid agat? (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** Áirse Thíteas. Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** Áirse Chonstaintín.

(a) Cá háit a mbíodh áirsí den chineál céanna suite i mbailte Rómhánacha, de ghnáth? (5)

(b) Cén bua míleata a ndearna Áirse Thíteas comóradh air? (10)

(c) Tabhair cuntas iomlán ar an dá áirse, agus mínigh conas atá siad difriúil óna chéile, agus bíodh na téarmaí cearta ailtireachta in úsáid agat. (35)

(iii) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** dealbh cháiliúil Rómhánach.

(a) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil den dealbhóireacht phortráide Rómhánach? (40)

(b) Céárd a insíonn an dealbh sin dúinn faoi nósanna na dteaghlach Rómhánach? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** mósáic as Poimpé.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa mhósáic seo. (15)

(b) Tabhair cuntas achomair ar an gcaoi a ndéantaí mósaicí. (15)

(c) Cén chaoi ar éirigh leis an ealaíontóir pearsantachtaí na bpríomhcharachtar agus dráma an chatha a chur in iúl, dar leat? (20)

---